

RÁITEAS BLIANTÚIL AIRGEADAIS

INIÚCHTA

Chomhairle Cathrach Chorcaí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

CLÁR INIÚCHTA

	Leathanach
Athbheithniú Airgeadais	1
Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh/Cheann an Airgeadais	2
Tuairim an Iniúchta	3
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta	4
Cuntais Airgeadais	8
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)	9
Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe)	10
Ráiteas ar Shreabhadh Cistí	11
Nótaí ar na Cuntais ar cuid díobh iad	12-22
Iarscríbhinní	23
1 Anailís ar Chaiteachas	24
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannóige	25-32
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus ó Fhóirdheontais	33
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus ó Sheirbhísí	34
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitiúil	35
6 Caiteachas agus Ioncam Caipitiúil de réir Rannóige	36
7 Ollbhailiúcháin Ioncaim	37
8 Leas na nÚdarás Áitiúil i gCuideachtaí	38

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Réamhrá

Leagann an Ráiteas Bliantúil Airgeadais amach torthaí airgeadais ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí don bhliain 2020 agus an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020.

Ullmhaíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais de réir na gceanglas reachtúil a rialaíonn cuntais na n-údarás áitiúil agus de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta d'Údarás Áitiúla a fhorordaíonn an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Tá an Ráiteas Bliantúil Airgeadais faoi réir iniúchadh seachtrach an Iniúcháir Rialtais Áitiúil ar a gceanglaítear tuairim neamhspleách a thabhairt ar na cuntais agus Tuarascáil Iniúcháireachta a chur faoi bhráid na Comhairle Cathrach. Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú uirthi sin, a thuairisceoidh ansin don Chomhairle ar a bhreithnithe ar an ráiteas airgeadais iniúchta agus ar thuarascáil an iniúcháir.

Is léiriú cothrom é an Ráiteas Bliantúil Airgeadais ar staid airgeadais na Comhairle Cathrach. Ullmhaíodh na Cuntais ar bhonn fabhrúithe. Baineadh úsáid as beartais chúil chuntasaíochta agus cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus leagtar amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta iad ar leathanaigh 4 go 7. Nuair ba ghá, rinneadh breithiúnais agus meastacháin stuama a chloíonn leis an gCód Cleachtais Chuntasaíochta.

Thabhaigh Comhairle Cathrach Chorcaí caiteachas iomlán €487,286,805 le linn 2020. Is éard atá san fhigiúr sin:

- Caiteachas Ioncaim € 325,322,221 agus
- Caiteachas Caipitil € 161,964,584

Léiríonn an caiteachas iomlán méadú €155.84m ar olltoradh €331.45m in 2019.

Cuntas Ioncaim

Bhain dúshlán nach beag ó thaobh airgeadais de le 2020 don Chomhairle Cathrach. Mar gheall ar ghéarchéim Covid 19, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, bhí ar an eagraíocht oiriúnú chun a chinntiú gur coimeádadh an fhoireann slán agus seirbhísí ba thábhachtach leis an Rialtas láir a sheachadadh ag an am céanna. Caitheadh airgead chun an láthair oibre a oiriúnú agus PPE a chur ar fáil d'fhostaithe a lean orthu ag soláthar seirbhísí riachtanacha poiblí. Fógraíodh, ar dtús, go raibh roinnt seirbhísí dá leithéidí seirbhísí leabharlainne neamhriachtanach agus cuireadh baill foirne ar fáil le hobair a dhéanamh i réimsí eile den tseirbhís phoiblí, cuir i gcás an HSE, agus mar gheall ar chlár inmheánach tugadh isteach tionscnamh na Maor Páirce, arbh é ab aidhm leis an pobal a choimeád sábháilte i bpáirceanna na Comhairle ar fud na cathrach.

Chuaigh an phaindéim i bhfeidhm go dian ar fhorhmór earnálacha íocóirí rátaí na Comhairle agus tar éis na chéad ráithe cuireadh cosc orthu oscailt nó laghdaíodh a láimhdeachas go mór. Tháinig go leor acu i aniar i rith mhíonna an tsamhraidh ach buaileadh go crua arís iad ní ba dhéanaí sa bhliain. Riar an Chomhairle na cláir Deontais Atosaithe do cheantar na cathrach thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus íocadh amach €37.6m san iomlán i gcistí deontais, rud a tharrtháil go leor gnólachtaí ó chruachás ceart. Tugadh isteach tarscaoileadh rátaí chomh maith a mhaoinigh an Rialtas agus a riar an Chomhairle do na hearnálacha cuí de ghnó sa gheilleagar. D'eisigh an Chomhairle luach€54.5m de Tharscaoiltí Rátaí san iomlán, a mhaoinigh an rialtas láir.

Bhí tionchar leis ar ioncam eile dá leithéidí táillí páirceála, táillí hallaí ceolchoirme srl. agus níor léir go dtí deireadh na bliana go raibh an Rialtas sásta an laghdú ioncaim sin a mhaoiniú. Gheall an Rialtas €7.889m san iomlán chun an Chomhairle a chúiteamh as ioncam áitiúil €5.429m a cailleadh i rith na bliana chomh maith le caiteachas áitiúil breise €2.46m a tabhaíodh ar oiriúnú do Covid 19.

Chuir an Chomhairle beartais agus pleananna teagmhasacha i bhfeidhm chomh maith a ndearnadh athbhreithniú go leanúnach orthu de réir mar a tháinig tionchar na paindéime chun solais agus is amhlaidh atá fós tar éis 2020.

Anuas air sin, ba í an chéad bhliain iomlán de Leathnú Teorann na Cathrach í a tháinig i bhfeidhm an 31 Bealtaine 2019 agus lean an Chomhairle uirthi ag cur an limistéar breise riaracháin san áireamh agus ag freastal ar na héilimh agus ar riachtanais bhreise maidir le seirbhísí a sholáthar sna ceantair sin. Rinneadh údarás rátála don limistéar leathnaithe den Chomhairle Cathrach i mí Eanáir 2020.


Lean an DHPLG ar aghaidh ag cúiteamh i bpáirt as na harduithe pá a d'eascair as Comhaontuithe Náisiúnta Pá.

Tábla 1: Cuntas Ioncaim 2020

Caiteachas Ioncaim ar Sheirbhísí na Comhairle	€325,322,221
Ioncam (Deontais, Muirir & Rátaí)	€325,357,407
Barrachas don bhliain	€35,186

Tábla 1: Léiríonn Cuntas Ioncaim 2020 gurb ionann Caiteachas Ioncaim na bliana agus €325,322,221 agus Ioncam €325,357,407, rud a thugann farasbarr ioncaim thar caiteachas cothrom le €35,186. Is toradh sásúil é seo i bhfianaise cúinsí nach bhfacthas a leithéidí riamh cheana agus tógann sé ar an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, tráth ar chuireamar deireadh leis an easnamh ioncaim (Féach Fíor 1 thíos). B'ionan an Cúlchiste Ginearálta agus €980,829 amhail an 31 Nollaig 2020.

Fíor 1. Iarmhéid an Chuntas Ioncaim Charnigh 1998 – 2020




Ioncam

B'ionann an t-ioncam san iomlán agus €325,357,409; ar maoiníodh 47.26% de ón Rialtas Láir agus 52.74% ó fhoinsí áitiúla. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur mhaoinigh an Rialtas as €54,5m den ioncam ó rátaí tráchtála mar gheall ar an tarscaoileadh a rinneadh de bharr Covid 19. Léiríonn Tábla 2 agus Fíor 2 ioncam de réir Foinse. Léirítear ioncam ó Rátaí Tráchtála anseo i gcomhlán na tarscaoiltí a deonaíodh. Déanann Aguisíní 3 & 4 tuilleadh anailíse ar ioncam ó Dheontais agus ó Earraí & ó Sheirbhísí.

Tábla 2: Ioncam de réir Foinsí

	€	%
Cáin Mhaoine Áitiúil	13,965,558	4.29%
Deontais Eile Stáit	153,761,186	47.26%
Earraí & Seirbhísí	60,147,745	18.49%
Rátaí Tráchtála	94,844,530	29.15%
Aistrithe ó Chúlchistí	337,115	0.10%
Ranníocaíochtaí ó ÚÁ eile	2,301,273	0.71%
	325,357,407	

Fíor 2. Ioncam de réir Foinsí



Thit ioncam ó gach foinse pháirceála ó €9,472,685 in 2019 go €4,394,317 in 2020, laghdú 48 % ar fhigiúirí an bhuiséid. Ba thoradh díreach é sin ar thionchar COVID-19. Fuarthas cúiteamh i bhfoirm deontas rialtais don laghdú sin ar ioncam i gcomparáid le buiséad athbheithnithe.

Fuarthas suim €1.053m ón muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha i gcomparáid le figiúr €700,000 bhuiséad 2020.

An 1 Eanáir 2020 aistríodh an t-ioncam a bhain le Rátaí Tráchtála a aistriú chuig Comhairle Cathrach Chorcaí de bharr leathnú Theorainn na Cathrach a tharla i 2019. Go gairid tar éis éilimh Rátaí 2020 a eisiúint, cuireadh tús leis an gcéad dianghlásáil de thoradh Covid 19 tráth nach raibh deis ag formhór na

gnólachtaí an chéad ghála a íoc. Ach a ndeachaigh an dianghlasáil i bhfeidhm ar ghnólachtaí ba bheag in aon chor an teacht isteach a fuarthas ó Rátaí.

D'fhógair an Rialtas, an 15 Bealtaine, scéim chun cabhrú le gnólachtaí athoscailt le linn na chéad dianghlásala dar teideal an Deontas Atosaithe. Bhí cead ag gnólachtaí cur isteach ar mhaoiniú Dé hAoine an 22 Bealtaine. Ba é an príomhbhonn incháilitheachta ná gur ghnó tráchtála a bhíodhas a rith in áitreabh in-rátaithe é an t-iarratasóir. Cuireadh Rannán na Rátaí i gComhairle Cathrach Chorcaí i mbun an scéim a riaradh.

D'íoc an Chomhairle €37,632,109 faoin scéim sin. Mhaoinigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an scéim agus riar an Chomhairle thar a ceann í.

Chuaigh Covid 19 i bhfeidhm go mór ar fhoinsí eile ioncaim dá leithéidí ioncam ó hallaí ceolchoirme agus cíosanna léasachta.

Bailiú Ioncaim

Tá sonraí ar na Mórbhailiúcháin Ioncaim don bhliain 2020 san áireamh in Aguisín 7 den RBA agus taispeántar an % a bailíodh do na blianta 2020 agus 2019 faoi seach i dTábla 3 thíos.

Tábla 3: Ollbhailiúcháin Ioncaim

	% Bailithe	
	2020	2019
Rátaí	60	83
Cíos & Bliantachtaí	88	88
Íasachtaí Tithíochta	83	79

Chun tionchar Covid 19 ar ghnólachtaí incháilithe le linn 2020 a mhaolú, d'fhógair an Rialtas an scéim tarscaoilte rátaí naoi mí. Fuair an Chomhairle deontas a bhí ar cóimhéid leis an tsuim €54.5m a tarscaoileadh. Mar sin féin, tháinig laghdú ar % an bhailiúcháin Rátaí bliain ar bhliain mar gheall, go príomha, ar na cúinsí eisceachtúla ina raibh gnólachtaí mar gheall ar an gcéad dianghlasáil a thosaigh an 27 Márta 2020 agus a sreabhadh airgid á bhainistiú acu d'fhonn teacht slán. Bhí an scéim tarscaoilte ar fáil do gach catagóir gnó a ceadaíodh faoin scéim do ráithe 2 go 4 de 2020. Chuir neamhíocaíocht na riaráistí ó 2019, an chéad ghála agus airgead a bhí dlite ó ghnólachtaí in earnálacha nach raibh cáilithe le haghaidh an tarscaoilte, leis an ardú ar riaráistí. Cuireadh €5.9 milliún breise ar fáil do dhrochfhiacha a d'eascair as Rátaí nár bailíodh in 2020.

Cuireadh an Scéim Dreasachta Rátaí i bhfeidhm arís in 2020 mar bheart eile chun cabhrú le gnólachtaí sa chathair. Díródh an scéim seo ar SMEanna ag a bhfuil dliteanas rátaí bliantúla nach mó ná €4,000. Is ionann é sin agus 57% d'íocóirí rátaí na cathrach. Nuair a chomhlíontar coinníollacha na scéime, laghdaítear dliteanas an íocóra ráta 2020 faoi 3%. Leanfar den scéim do 2021.

D'fhan an % bailithe cíosanna seasmhach ag 88%.

Tríd is tríd, tháinig méadú bliain ar bhliain 4% ar bhailiú íasachtaí Tithíochta don bhliain 2020. B'amhlaidh a bhí mar gheall ar an obair leantach a bhain úsáid as an bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste agus chomh maith leis sin in 2020 réitíodh roinnt morgáistí neamh-inbhuanaithe fadtéarmacha i rith na bliana trí phróiseas Cíosa in ionad Morgáiste.

Tuigeann an Chomhairle Cathrach i gcónaí gur gá, i gcásanna áirithe, sceidil íoca a chomhaontú le custaiméirí chun riachtanas na Comhairle Cathrach a léiriú i ndáil le hairgead a bhailiú d'fhonn seirbhís a sholáthar agus cumas an chustaiméara íocaíocht a dhéanamh ar an mbealach traidisiúnta. Is féidir sceidil den sórt sin a chur in oiriúint do chúinsí ar leith gach cáis ar leith agus spreagann an Chomhairle aon duine ag a mbeadh deacrachtaí chun teagmháil a dhéanamh léi a luath agus is féidir ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar a gcúinsí féin agus imeachtaí costasacha dlí a sheachaint. Ina theannta sin tugadh isteach scéim in 2020 a cheadaigh dóibh siúd ar chuir Covid 19 isteach ar a n-ioncam iarratas a dhéanamh ar mhórtarium i ndáil le haisíocaíochtaí morgáiste chun a chinntiú nach mbeadh custaiméirí den sórt sin i riaráistí nó nach dtabhóidís costais bhreise ar a morgáistí. Tá an scéim sin ar siúl i gcónaí agus ceadaítear uasmhórtarium 12 mhí fúithi.

Caiteachas

D'eascair na príomhdhifriochtaí codarsnacha sa chuntas ioncaim as réimsí na Tithíochta, na mBóithre, na Bainistíocht aForbartha agus na Fóillíochta & Áineasa.

Caitheadh airgead breise i Rannán na Tithíochta ar Easpa Dídine, mar gheall i bpáirt ar Covid 19, ach chúitigh deontais bhreise a fuarthas i leith Easpa Dídine é sin. Rinneadh Bhí caiteachas sa bhreis ar an mbuiséad faoin Scéim um Shaoráid Léasaithe Sócmhainní Caipitil chomh maith, agus chúitigh deontais bhreise an róchaitheamh sin chomh maith. Rinne Cothabháil Tithíochta caiteachas breise i gcomparáid leis an mbuiséad athbheithnithe agus chúitigh méadú ar ioncam ó Chíosanna Tithíochta é sin.

I Rannán na mBóithre, laghdaíodh deontais de bheagán, rud a thug lagdú comhfhreagrach sa chaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad.

Léirítear íocaíochtaí €37.6m maidir le Deontas Atosaithe, a d'íoc rannán na Rátaí, i Rannán na Seirbhísí Bainistíochta Forbartha, rud nach ndearnadh aon buiséadú ina leith. D'íoc an Oifig Fiontair Áitiúil €1.66m amach maidir leis na scéimeanna Dearbháin Trádála ar Líne agus Dearbháin Leanúnachais Ghnó. Ba é an rialtas láir a mhaoinigh gach deontas a íocadh. Tháinig laghdú ar an gcaiteachas ar Thurasóireacht toisc gur cuireadh imeachtaí bliantúla pleanáilte agus imeachtaí eile dá leithéidí Seafest agus Lá Muirí na hEorpa ar ceal. Ní bhfuarthas maoiniú do na himeachtaí sin dá bharr, ach tabhaíodh roinnt costas geallta, mar sin féin. I Rannán na Seirbhíse Áineasa & Conláiste, tháinig méadú ar chaiteachas ar Pháirceanna mar gheall ar mhéadú ar gníomhaíochtaí fóillíochta lasmuigh agus dá thoradh sin tháinig méadú ar chostais slándála agus athchúrsála dramhaíola. Rinneadh caiteachas breise ar an gClár Ealaíon a cútíodh le deontas breise ealaíon.

Caitheadh airgeas sa bhreis ar an mbuiséad ar sheirbhísí Chróinéir na Cathrach agus ar an Margadh Sasanach, lena bhain scéim theoranta tarscaoilte cíosa do thionóntaí a dúnadh de bharr Covid. Bhíothas in ann na caiteachais sin a sheasamh a bhfuil le bainistiú maith airgeadais agus rialú buiséad.

Íocadh ranníocaíocht bhliantúil €13,135,243 le Comhairle Chorcaí a aontaíodh mar chuid de phróiseas Leathnaithe Theorainn Chathair Chorcaí.

Aistrithe chuig Cúlchistí

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtas Chuntasaíochta, taispeánann Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Chaiteachais ar leathanach 9 de na Cuntais an Cuntas Ioncaim glan ar aistrithe chuig cúlchistí (féach Nóta 14 - Aistriú chuig Cúlchistí agus uathu). D'fhonn le brí a bhaint as na cuntais, leagtar an ghluaiseacht ó ollchaiteachas agus oll-ioncam go glanchaiteachas agus glan-ioncam amach i dTábla 4 agus 5.

Tábla 4: Gluaiseacht ó Ollchaiteachas go Glanchaiteachas 2020

	€
Ollchaiteachas	325,322,221
Lúide Aistrithe chuig Cúlchistí	12,708,952
Glanchaiteachas	312,613,269

Tábla 5: Gluaiseacht ó Oll-ioncam go Glan-ioncam 2020

	€ m
Ioncam Comhlán	325,357,407
Rátaí	94,844,530
Cáin Mhaoine Áitiúil	13,965,558
Glan-ioncam roimh Aistriú	216,547,319
Lúide Aistrithe ó Chúlchistí	337,115
Ioncam Glan	216,210,204

An Cuntas Caipitil

Tugann an Cuntas Caipitil cuntas ar ioncam agus ar chaiteachas i ndáil le sócmhainní a bhaineann le seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle a fháil agus a chur ar fáil. Leagtar achoimre ar na hidirbhearta sa Chuntas Caipitil don bhliain 2020 mar aon le figiúirí comparáideacha don bhliain 2019 amach i dTábla 6.

Tábla 6: An Cuntas Caipitil do 2020

	2020	2019
	€000	€000
Caiteachas lena n-áirítear aistrithe	161,965	136,601
Ioncam lena n-áirítear aistrithe	161,520	135,565
Olltoradh don bhliain	445	1,035
Iarmhéid Tosaigh Fabhrach / (Codarsnach)	30,514	31,549
Iarmhéid Deiridh Fabhrach/(Codarsnach)	30,069	30,514

B'ionann an caiteachas caipitil agus €161.965 m, ar méadú €25.36 m ar 2019 é.

Leagann Nóta 11 leis na Cuntais amach cá bhfuil an Cuntas Caipitil le feiceáil ar an gClár Comhardaithe agus tugann Aguisíní 5 & 6 anailís mhionsonraithe bhreise.

D'athraigh glan-iarmhéid an Chuntais Chaipitil ó iarmhéid tosaigh sochair €30.5m go hiarmhéid sochair €30.7m ag deireadh na bliana mar gheall ar aistrithe go caipiteal.

Le blianta beaga anuas, leagadh aird agus béim shuntasach ar an gCuntas Caipitil agus leanadh den dul chun cinn le linn 2020.

Tá socruithe maoiniúcháin i bhfeidhm le haghaidh iarmhéideanna codarsnacha agus déantar soláthar do dhliteanais agus do ghealltanais aitheanta i ngach ceann de na míreanna suntasacha agus tábhachtacha seachas trí cinn díobh. Is iad na trí mhír eisceachtúl: €36.9m i leith costais chodarsnacha talún tithíochta; iasachtaí €65.1m i leith Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne (glacadh €40.1m de sin ar laimh ó Chomhairle Contae Chorcaí mar thoradh ar leathnú na teorann) agus iarmhéideanna neamh-mhaoinithe €18m ar thógáil tithíochta agus tionscadail ghaolmhara. Faigheann iasachtaí na Scéime Tithíochta Inacmhainne tacaíocht ó sócmhainní i bhfoirm 248 teach sóisialta atá faoi láthair faoi réir socruithe Léasaithe Sóisialta a riarann Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus tá siad faoi réir úis amháin faoi láthair a mhaoiníonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá socruithe maoiniúcháin i bhfeidhm do €3.67m i leith iarmhéid na gcostas éadála do Pháirc an Marina agus €4.5m a bhaineann le droichid na ndugaí.

Déantar athbhreithniú rialta ar na hiarmhéideanna sin agus béim ar leith ar fhoinsí maoiniúcháin agus leanaimid den teagmháil le páirtithe ábhartha chun réitigh a lorg do na hiarmhéideanna tithíochta. Tá sé i gceist go maoineofar Droichead Cheantar na nDugaí ag an am céanna le forbairt i gceantar na ndugaí amach anseo.

Staid an Airgeadais

Léiríonn an Clár Comhardaithe glansócmhainní €4,354b amhail an 31 Nollaig 2020 arb é atá ann:

Tábla 7: Achoimre ar an gClár Comhardaithe

	2020	2019
	€ m	€ m
Sócmhainní Seasta	4,354.33	3,584.50
Obair atá ar siúl agus Réamhchostais	102.97	86.03
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	104.87	87.65
Sócmhainní Reatha Glana / (Dlíteanas)	34.10	31.93
Féichiúnaithe Fádtréimhseacha	<u>-231.43</u>	<u>-205.7</u>
Glansócmhainní	4,364.84	3,584.45
Arna ionadú ag		
Cuntas Caipitlithe	4,354.33	3,584.50
Ioncam ó obair atá ar siúl	94.26	79.9
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	0.98	0.95
Iarmhéideanna Eile	<u>-84.74</u>	<u>-80.9</u>
	4,364.84	3,584.45

Ba é €4.46 billiún an glanluach de réir na leabhar i ndáil le sócmhainní seasta (Obair atá idir lámha san áireamh) an 31 Nollaig 2020. San áireamh air sin tá breiseanna €777.8m i rith na bliana do Chlár na Sócmhainní Seasta, ar bhain €699m de le sócmhainní a aistriú ó Chontae Chorcaí mar chuid de Leathnú Theorann na Cathrach a tháinig i bhfeidhm an 31 Bealtaine 2019. Is é seo a leanas mionsonraí bhreiseanna an Sócmhainní Seasta:

Aicmiú na Sócmhainne	€ m
Talamh	7.00
Páirceanna	0.41
Tithíocht	77.86
Gléasra & Meaisínre	0.13
Ríomhairí, Troscán & Trealamh	0.06
Oidhreacht	0.56
Bóithre & Bonneagar	691.74

Bhain sócmhainní réadmhaoinne a cuireadh leis le linn 2020 faoi na catagóirí thuas le réadmhaoin ina raibh an Chomhairle Cathrach sásta go raibh an tsócmhainn ann agus teidlíochta na Comhairle ina leith agus sa chás go bhféadfaí bunfhiúir an chostais a dhéanamh amach. Ina theannta sin níl roinnt sócmhainní a aistríodh mar chuid den leathnú teorann san áireamh i bhfiúir na mbreiseanna thuas, ina ionad sin léirítear iad i luach WIP toisc nach raibh siad críochnaithe ar dháta an chlár chomhardaithe.

B'ionann diúscairtí Sócmhainní Seasta le linn na bliana agus €5.7m agus bhain €5.5m de sin le tithíocht agus bhain €0.2m le ríomhairí, troscán agus trealamh.

Conclúid

Tríd is tríd, is é díol suntais é an toradh iomlán do 2020 i bhfianaise phaindéim Covid 19 paindéimeach a ghabh an tír ag tús 2020 agus mar thoradh ar an gcéad dianghlásáil iomlán an 27 Márta. Ba é an tionchar díreach a bhí aige ar an gComhairle ná costais a ardú de réir mar a rinne an Chomhairle oiriúnú chun a chinntiú go raibh na hionaid oibre sábháilte agus an fhoireann ag leanúint de sheirbhísí riachtanacha a sholáthar agus ag an am céanna tionchar diúltach a imirt ar go leor sruthanna ioncaim áitiúla. Chuir an Chomhairle chun oibre go tapaidh chun buiséid agus bainistiú sreafa airgid a oiriúnú de réir mar a d'athraigh cúinsí, agus mar sin baineadh toradh maith airgeadais amach don bhliain.

Bhí deacrachtaí nach beag ag gnólachtaí ar fud Chathair Chorcaí, agus bhí ar go leor acu a ndoirse a dhúnadh agus bealaí nua a aimsiú chun gnó a dhéanamh ó Mhárta 2020 ar aghaidh. D'oibrigh an Chomhairle leis an rialtas láir d'fhonn a chur ar chumas go leor eárnálacha athoscailt agus oiriúnú a dhéanamh de bhun chlár na nDeontas Atosaithe agus na scéimeanna Dearbháin Leanúnachais Ghnó agus Trádála ar Líne.

Dá bhrí sin, dúshlán a bhí ann diansmacht a choimeád ar ioncam agus ar chaiteachas caipitiúil sa chathair reatha agus sa chathair leathnaithe. Lean Comhairle Cathrach Chorcaí uirthi, le linn 2020, ag déanamh gníomhaíochtaí chun caiteachas laethúil oibriúcháin agus clár infheistíochta caipitiúla fadtréimhse a leasú agus a mheaitseáil, agus acmhainní iomaíocha a gcur san áireamh.

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí de dhlúthcheangal a dhéanamh idir soláthar seirbhíse agus na hacmhainní atá ar fáil. D'ainneoin gluaiseachtaí in acmhainní, cuirfear seirbhísí ar fáil ar an gcaighdeán is airde agus tabharfar luach ar airgead chun tacú le saol gnó, cónaithe agus cuairteoirí sa chathair.

Comhairle Cathrach Chorcaí

Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh agus Ceann an Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

- 1.1 Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus Ceann an Airgeadais freagrach as ráiteas bliantúil airgeadais a chur le chéile de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an údaráis áitiúil agus a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais a chuirtear le chéile ag teacht le riachtanais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Agus ráitis á gcur le chéile againn:
 - luamar gur cuireadh na ráitis airgeadais le chéile de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go leanúnach; agus,
 - rinneamar breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- 1.5 Déarbhaímid go bhfuil ráiteas airgeadais Comhairle Cathrach Chorcaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a leagtar amach ar leathanaigh 4 go 38 ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir na riachtanas cuntasaíochta a shocraíonn an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.


An Príomhfheidhmeannach


Ceann an Airgeadais

Dáta 1/4/21

Dáta 1/4/2021

Tuairim an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Chomhairle Cathrach Chorcaí

Rinne mé iniúchadh ar ráiteas bliantúil airgeadais Chomhairle Cathrach Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 mar a leagtar amach ar leathanaigh 4 go 22, arb é atá ann an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Ráiteas ar an Staid Airgeadais, Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus nótaí a ghabhann leis na cuntais agus ar cuid díobh iad. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh chun é a ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta a fhorordaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as taifid chuntasaíochta uile a chothaháil, ina measc an Ráiteas Bliantúil Airgeadais a chur le chéile. Is é an fhreagracht atá orm, de bhun m'iniúchta, ná tuairim neamhspleách a bhunú faoin ráiteas agus tuairisc a chur faoi bhur mbráid.

Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Chleachtais Iniúcháireachta, a fhorordaítear faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sa ráiteas airgeadais. Áirítear air freisin measúnú a dhéanamh ar na breithiúnais agus na meastacháin shuntasacha a rinneadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Cuideachta, arna bhfeidhmiú go leanúnach agus arna bhfaisnéisiú go leordhóthanach.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise ann a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach go bhfuil an ráiteas airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, pé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin.

Tuairim faoin Ráiteas Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann an ráiteas bliantúil airgeadais, a cuireadh le chéile de réir an Chóid Chleachtais agus na Rialachán Cuntasaíochta d'údaráis áitiúla, léargas cothrom ar staid airgeadais Chomhairle Cathrach Chorcaí amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Tuairisc Reachtúil Iniúcháireachta

Chuir mé tuarascáil iniúcháireachta ghaolmhar le chéile chomh maith mar a fhoráiltear di in Alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



John Collins
Iniúcháir Rialtais Áitiúil
27 Deireadh Fómhair 2021

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Cuireadh na cuntais le chéile de réir an Chóid Chleachtas Chuntasáíochta (ACoP) um chuntasáíocht údaráis áitiúil, arna leasú leis an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) an 31st December 2020. Ní mór nithe nach gcloíonn leis na beartais chuntasáíochta arna leagan amach in ACoP a lua sna Beartais agus sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.

2. Ráiteas ar Shreabhadh Cistí

Tugadh ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasáíochta 7 - Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá difríocht shuntasach idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an leagan amach lena chinntiú go bhfuil brí agus úsáid leis na sonraí a thaispeántar laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Dá bhrí sin, tugtar 'Ráiteas ar Shreabhadh Cistí' ar an ráiteas. San áireamh sna cuntais airgeadais anois tá Ráiteas ar Shreabhadh Cistí a léirítear tar éis an Ráitis ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 – 22 leis an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus léirítear iad sna Nótaí ar na Cuntais san RBA, ar cuid de iad. Tugann Nóta 19 mionsonraí ar iarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Inacmhainne/Deonacha, ar féidir leo a bheith ina n-iarmhéid dochair nó sochair. Glacann an sreabhadh cistí leis gur iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaítear an cur síos ar (Mhéadú)/Laghdú air seo.

3. Fabhruithe

Cuireadh na cuntais ioncaim agus chaipitil le chéile ar bhonn fabhruithe de réir an Chóid Chleachtas. Déantar Táillí Páirceála, Pleanála, Teastais Dóiteáin, Cúrsaí Gaif agus Leabharlainne a thaifeadadh ar bhonn fáltas airgid.

4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí iníoctha a chur ina dhá gcatagóir ar leith:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáiste

4.1 Iasachtaí a bhaineann le Morgáiste

Tá sruth ioncaim chomhfhreagartha ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead a thugann na húdaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe), d'fhonn tithe a cheannach. Is é an chuid a bhaineann le hús amháin a ghearrtar nó a chuirtear chun sochair sa Ráiteas ar Ioncam Comhlán (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

4.2 Iasachtaí nach mbaineann le Morgáiste

Leagann Nóta 7 leis na cuntais amach na cineálacha iasachta faoin gceannteideal seo. Ní bheidh sruth comhfhreagrach ioncaim ag iasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncaim. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan de réir a chéile. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí maidir leis na cinnteidil eile i Nóta 3.

5. Pinsin

Gearrtaí íocaíochtaí i ndáil le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse cuntasáíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. San áireamh i gcostas tuarastail agus pá sna cuntais tá asbhaintí maidir le ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear sochair Bhaintreacha agus Dhílleachtaí) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus faoi Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Thosaigh Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann údaráis áitiúla ar aghaidh ag baint le ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair ach déantar iad a chur ar ais go lárnach chuig DPER.

6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údaráis áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó i ndáil le socruithe ar leith.

7. Foráil do Dhrochfhiacha & d'Fhiacha Amhrasacha

Rinneadh foráil sna cuntais chuif do dhrochfhiacha & d'fhiacha amhrasacha.

8. Sócmhainní Seasta

8.1 Catagóirí Sócmhainní

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar a leagtar amach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). I nóta 1 mar chuid de na cuntais, tugtar miondealú breise de réir an cineál sócmhainne.

8.2 Aitheantas

Déantar caiteachas ar éadail nó ar thógáil sócmhainní seasta a chaipitiliú ar bhonn fabhrúithe.

8.3 Tomhas

Cuireadh Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) a chlúdaigh gach sócmhainn de chuid an údaráis áitiúil san áireamh sa Ráiteas Bliantúil Airgeadais den chéad uair in 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an DHPLG. Cuireadh gach sócmhainn a ceannaíodh nó a tógadh ó 1/1/2004 ar aghaidh san áireamh ag costas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á gcur le chéile faoi láthair agus léireofar sna ráitis airgeadais amach anseo iad.

Áiríodh luachanna anonn na sócmhainní a ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí ar lámh ó Chomhairle Contae Chorcaí sa chlár comhardaithe tosaigh tráth a mbunaithe, an 31 Bealtaine 2019, ag a gcostas/luach nuair a bhí sé ar fáil. Rinneadh na sócmhainní na Comhairle Contae a ceannaíodh/tógadh roimh 01/01/2004 a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an DHPLG. Rinneadh sócmhainní a ceannaíodh/a tógadh tar éis 01/01/2004 a luacháil ag costas.

8.4 Athluacháil

Mar a leagtar amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta is cuid den bheartas é sócmhainní seasta a thaispeáint ag costas. Níl costais chothabhála agus feabhsúcháin a bhaineann le sócmhainní Bonneagair san áireamh faoi láthair sna sócmhainní seasta ach déanfar athbhreithniú orthu amach anseo. Toisc gur sócmhainní fisiciúla iad, baineann a bhformhór mór acu go sonrach le húdaráis áitiúla agus níl siad faoi réir a ndiúscartha. Déantar aon chailteanas nó an ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta atá fágtha agus atá faoi réir diúscartha a chuntas ag am na diúscartha.

8.5 Diúscairtí

I ndáil le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam le cúlchiste ar leith agus úsáidtear go ginearálta é chun sócmhainní nua a cheannach. Ní mór fáiltas as tithe de chuid an údaráis áitiúil a dhíol a úsáid mar a threoraíonn an DHLGH.

8.6 Dímheas

Faoin modh cuntasíochta reatha is é déantar an muirear a bhaineann le dímheas a fhritháireamh le hamúchadh fhoinsé mhaoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach aige seo ar Ioncam & Caiteachas agus dá bhrí sin níl an muirear dímheasa agus an sochar ón amúchadh a bhaineann leis as san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam Comhlán (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainne	Bonn	Ráta Dímheasa
Gléasra & Meaisínre		
- Saolré fhada	L/D	10%
- Saolré ghairid	L/D	20%
Trealamh	L/D	20%
Troscán	L/D	20%
Sócmhainní Oidhreachta		Neamhní
Leabhair Leabharlainne		Neamhní
Clóis Súgartha	L/D	20%
Páirceanna	L/D	2%
Sócmhainní Uisce		
- Scéimeanna uisce	L/D	Saolré sócmhainne thar 70 bliain
- Scéimeanna draenála	L/D	Saolré sócmhainne thar 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfar bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

9. Deontais Rialtais

Coinnítear cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhrúithe. Déantar deontais a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a chur chun sochair an Ráitis ar Ioncam Comhlán (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear, a bhaineann le sócmhainní a thógáil, mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair atá idir lámha. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilíthe.

10. Féichiúnaithe & Ioncam Forbartha

Tá féichiúnaithe tobhaigh forbartha gearrthréimhse san áireamh i nóta 5. Cuirtear ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil dlite le híoc laistigh den bhliain reatha siar agus ní chuirtear faisnéis ar fáil ina leith sna ráitis airgeadais.

11. Fiachas a Fhuascailt

Cuirtear na fáiltais ó luathfhuascailt iasachtaí ó iasachtaithe i bhfeidhm ar fhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgaistí ón nGníomhaireacht um Airgeadas Tithíochta agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

12. Scéimeanna Léasa

Cuirtear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin chun dochair sa Ráiteas ar Ioncam Comhlán (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Áirítear sócmhainní a ceannaíodh faoi léas airgeadais sna sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna neamhíochta faoi dhliteanais reatha agus faoi chreidiúnaithe fadthréimhseacha.

13. Stoc

Déantar ceannacháin stoic a thaifeadadh agus a ghearradh ar an Ráiteas Bliantúil Airgeadais sa bhliain ina n-ordaítear agus ina bhfaightear na hearraí.

14. Obair atá idir lámha agus Réamhchaitechas

Is costas stairiúil charntha ar thionscadail éagsúla a bhaineann le caipiteal atá san obair atá ar siúl agus réamhchaitechas. Léirítear an t-ioncam fabhráithe maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam WIP'.

15. Leas i gCuideachtaí an Údarás Áitiúil

Tá leas Chomhairle Cathrach Chorcaí i gcuideachtaí liostaithe in Aguisín 8.

16. Páirtithe Gaolmhara

Is é is idirbheart páirtí ghaolmhair ann ná acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí a aistriú idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. I measc na bpríomhpháirtithe gaolmhara d'údarás áitiúil bheadh:

- i. Bainistíocht agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údarás Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle agus príomhphearsanra na nÚdarás Áitiúil faoi cheanglas de réir na n-alt cuí den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíochta leasaithe ina dhiaidh sin chun:

- a. fógra bliantúil a dhéanamh ar 'leasanna is gá a fhógairt' a leagtar amach in alt 175 den Acht;
- b. aon leasanna tairbhiúla atá acu féin nó ag duine a bhaineann leo a fhaisnéisiú faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 in 2004 a leanúint.

Clúdaíonn 'leasanna is gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile dá leithéidí talaimh etc. Cinneann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht tuarastal lucht bainistíochta agus pearsanra údarás áitiúil de réir bheartas an rialtais láir um rátaí pá.

Déantar leasanna Údarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair a fhaisnéisiú in Aguisín 8 leis na Ráitis Bhliantúla Airgeadais.

Rialaíonn rialuithe agus nósanna imeachta an rialtais láir atá bunaithe ar rialacha cuntasáochta an rialtais idirbhearta Údarás Áitiúil le ranna rialtais.

CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM COMHLÁN (RÁITEAS AR AN GCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam go léir a bhaineann le hioncam agus caiteachas le chéile. Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain. Tá aistriú chuig/ó chúlchistí á dtaispeáint ar leithligh agus níl siad leithdháilte de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháineann Nóta 16 aistriú de réir rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údarás Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin

	Nótaí	Oilchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
		2020 €	2020 €	2020 €	2019 €
Tithíocht & Tógáil		64,625,142	68,705,649	(4,080,507)	(128,855)
Sábháilteacht & Iompar ar Bhóithre		39,042,460	14,368,429	24,674,031	16,803,356
Seirbhísí Uisce		9,414,944	9,423,712	(8,768)	627,994
Bainistíocht Forbartha		53,919,528	44,699,879	9,219,649	8,940,276
Seirbhísí Comhshaoil		36,989,434	6,529,813	30,459,621	28,612,576
Áineas & Conláiste		25,106,741	1,909,111	23,197,630	22,048,065
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		599,009	258,733	340,276	296,732
Seirbhísí Ilghnéitheacha		82,916,011	70,314,878	12,601,133	(4,888,188)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	312,613,269	216,210,204		
Glanchostas na Rannán le maoiniú ó Rátaí & ó Cháin mhaoine Áitiúil				96,403,065	72,311,956
Rátaí				94,844,530	66,184,863
Cáin Mhaoine Áitiúil				13,965,558	11,927,355
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú	16			12,407,023	5,800,262
Aistriú ó/(chuig) Cúlchistí	14			(12,371,837)	(5,747,464)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain				35,186	52,798
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2020				945,643	892,845
Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2020				980,829	945,643

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Sócmhainní Seasta	1		
Oibriúcháin		2,343,978,366	2,263,955,540
Bonneagrach		1,844,490,716	1,154,377,762
Pobal		111,992,138	112,289,290
Neamh-Oibriúcháin		53,873,737	53,873,737
		4,354,334,957	3,584,496,329
Obair atá idir lámha agus Réamhchostais	2	100,407,113	86,036,802
Féichiúnaithe Fádtréimhseacha	3	104,874,408	87,650,077
Sócmhainní Reatha			
Stoic	4	-	-
Réamhíocaíochtaí & Féichiúnaithe	5	41,726,109	49,827,055
Trádála Infheistíochtaí Bainc		41,627,058	29,633,746
Airgead sa Bhanc		6,533,478	456,555
Airgead faoi Bhealach		22,449	22,399
		89,909,094	79,939,755
Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Rótharraingt bhainc		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	55,783,501	47,975,371
Léasanna Airgeadais		29,778	29,778
		55,813,279	48,005,150
Glan-Sócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		34,095,815	31,934,606
Creidiúnaithe (Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	182,238,700	178,453,041
Léasanna Airgeadais		21,780	51,559
Taisc In-aisíoctha	8	7,971,676	4,570,823
Eile		41,200,342	22,589,346
		231,432,498	205,664,769
Glansócmhainní		4,362,279,795	3,584,453,045
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitlithe	9	4,354,334,957	3,584,496,326
Ioncam ó obair atá idir lámha	2	91,753,991	79,918,868
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		980,829	945,643
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	(84,789,981)	(80,907,792)
Cúlchistí Iomlána		4,362,279,796	3,584,453,045

**RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020**

	Nóta	2020 €	2020 €
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM			
Insreabhadh/(as-sreabhadh) glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17		15,944,262
GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Fáltais ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas			
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		769,838,631	
Méadú/(Laghdú) ar WIP/Réamh-mhaoiniú		11,835,123	
Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	18	<u>2,736,665</u>	
Glan-insreabhadh/(as-sreabhadh) ó Fáltais ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas			784,410,419
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgid			
(Méadú)/Laghdú ar Shócmhainní Seasta		(769,838,635)	
(Méadú)/Laghdú ar WIP/Réamh-mhaoiniú		(14,370,311)	
(Méadú)/Laghdú ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	<u>(646,168)</u>	
Glan-in-sreabhadh/(as-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais			(784,855,114)
Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta	20	5,142,545	
(Méadú)/Laghdú ar Mhaoiniú Cúlchiste	21	(5,972,686)	
Insreabhadh/(as-sreabhadh) glan ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			(830,141)
Gabháltais Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghdú) ar Thaiscí Inaisíoctha			3,400,853
Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	22		<u><u>18,070,278</u></u>

NÓTAÍ FAOI NA CUNTAIS AGUS AR CUID DÍOBH IAD

1. Sócmhainní Seasta

	Talamh Páirceanna Tithíocht Foirgnimh				Gléasra & Meaisínre (Saolré Fhada & Saolré Ghearr)	Ríomhairí, Troscán & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre & Bonneagar	Líonra & Uisce agus Séarachas	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Costais										
Costais Charntha Costs @ 1/1/2020	74,102,245	19,799,721	2,044,092,344	155,973,977	6,674,822	1,676,494	97,028,112	1,173,079,955	34,138,768	3,606,566,438
Breiseanna										
- Ceannaiodh 7,000,000		407,214	53,997,478	-	127,245	57,932	559,506	686,154,980	-	748,304,355
- Aistrithe WIP -		-	23,865,173	-	-	-	-	5,587,025	-	29,452,198
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla		-	(5,504,715)	-	-	(207,203)	-	-	-	(5,711,918)
Athluachálacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costais Stairiúil	-	-	150,000	-	-	-	-	-	-	150,000
Costais Charntha @ 31/12/2020	81,102,245	20,206,935	2,116,600,280	155,973,977	6,802,067	1,527,223	97,587,618	1,864,821,960	34,138,768	4,378,761,073
Dímheas										
Dímheas @ 01/01/2020	-	5,213,623	-	-	5,522,510	1,581,953	-	-	9,752,030	22,070,116
Soláthar don Bhliain	-	650,796	-	-	232,700	50,660	-	-	1,629,047	2,563,203
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	-	(207,203)	-	-	-	(207,203)
Dímheas Carntha @ 31/12/2020	-	5,864,419	-	-	5,755,210	1,425,410	-	-	11,381,077	24,426,116
Glanluach de réir na Leabhar @ 31/12/2020	81,102,245	14,342,516	2,116,600,280	155,973,977	1,046,857	101,813	97,587,618	1,864,821,960	22,757,691	4,354,334,957
Glanluach de réir na Leabhar @ 31/12/2019	74,102,245	14,586,098	2,044,092,344	155,973,977	1,152,312	94,541	97,028,112	1,173,079,955	24,386,738	3,584,496,322
Glanluach Leabhair de réir Catagóra										
